An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC 0008/2023**

# Chuig: Údaráis Bhainistíochta agus Príomhoidí Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta

# Nóta Faisnéise do Scoileanna maidir le treoirchomhairleoireacht phearsanta agus shóisialta

## 1. Réamhrá

Go luath in 2023, thionscain an Roinn Oideachais (RO) comhairliúchán náisiúnta maidir le treoir ar feadh an tsaoil chun tuairimí páirtithe leasmhara a fháil maidir le Treoir sna hearnálacha go léir. Aimsíodh sonraí suntasacha ón gcomhairliúchán seo trí chur chuige modhanna measctha agus chuir sé seo léargas soiléir ar fáil don Roinn Oideachais maidir leis na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann le Treoir.

Mar thoradh ar an gcomhairliúcháin náisiúnta, tá an Nóta Faisnéise seo á sholáthar ag an RO chun ról an treoirchomhairleora maidir le treoirchomhairleoireacht phearsanta agus shóisialta a shoiléiriú.

Is é cuspóir an Nóta Faisnéise seo ná faisnéis agus tacaíocht shoiléir a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna maidir le treoirchomhairleoireacht phearsanta agus shóisialta a sholáthar in iar-bhunscoileanna.

## 2. Ról an treoirchomhairleora in iar-bhunscoileanna

Cuimsíonn treoir "na trí réimse ar leith, ach idirnasctha, den fhorbairt phearsanta agus shóisialta, den treoir oideachais agus den ghairmthreoir". (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta; 2005, lch. 4).

Ba chóir go gcuimseodh an plean Treorach Scoile Uile leithdháileadh ama sonraithe do threoirchomhairleoirí le bheith ar fáil do threoirchomhairleoireacht duine le duine agus leithdháileadh ama don ról maidir le tacú le heagrú agus le hobair na Foirne Tacaíochta Scoláirí. Is í an Fhoireann Tacaíochta Scoláirí an fhoireann uileghabhálach atá bainteach le folláine do gach scoláire a chomhordú, a phleanáil agus a sholáthar. Féadfaidh an treoirchomhairleoir iliomad foirne nó tionscnamh eile sa scoil a chomhordú agus a thacú freisin, de réir mar a oireann do riachtanais phobal na scoile.

Oibríonn treoirchomhairleoirí laistigh de shamhail chontanam tacaíochta (SNSO, 2010), agus tá siad mar chuid de chur chuige scoile uile chun tacú le Folláine i scoileanna (SNSO, 2013). Trí chontanam tacaíochta a chur i bhfeidhm, déanann an Fhoireann Tacaíochta Scoláirí soláthar do riachtanais oideachais, sóisialta, mhothúchánacha, iompraíochta agus foghlama Gach, Roinnt agus Beagán scoláire chun a bhfolláine leanúnach a chinntiú. Leagtar amach comhpháirteanna an chórais seo sa phlean treorach scoile.

Tarlaíonn sé go minic gurb é an treoirchomhairleoir an t-aon bhall den Fhoireann Tacaíochta Scoláirí a mbíonn gá aige/aici le cáilíocht iarchéime ina mbíonn scileanna comhairleoireachta mar chuid den cháilíocht. Ba chóir go mbeadh an raon inniúlachtaí atá ar fáil laistigh den scoil chun tacú le scoláirí leagtha amach sa phlean Treorach Scoile Uile agus ba chóir go ndéanfaí cur síos sa phlean ar na struchtúir tacaíochta inmheánacha agus ar an gcaoi a ndéantar atreorú chuig an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí.

## 3. Comhairleoireacht shóisialta agus phearsanta

Tá an chomhairleoireacht ina cuid lárnach den chlár um threoir scoile, a chuirtear ar fáil ar bhonn aonair nó grúpa mar chuid de phróiseas foghlama forbraíochta, ag tréimhsí géarchéime pearsanta ach freisin ag príomhphointí aistrithe, ar nós aistriú go breisoideachas nó fostaíocht. Féadfaidh treoirchomhairleoirí oibriú le scoláirí ar raon leathan de shaincheisteanna forbartha a mbíonn deacrachtaí ag roinnt scoláirí iad a bhainistiú ina n-aonar nó le tacaíocht ón teaghlach nó ó phiaraí. Tá sé mar chuspóir ag an gcomhairleoireacht scoláirí a chumasú ionas gur féidir leo cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iompraíochta, straitéisí déileála a fhorbairt agus deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu a réiteach. Cuireann an treoirchomhairleoir atreorú chuig gníomhaireachtaí comhairleoireachta seachtracha agus gairmithe ar fáil do scoláirí freisin. Nuair is gá, cruthaíonn agus cothaíonn an treoirchomhairleoir 'spás sábháilte' don scoláire fad a bhíonn sé/sí ag fanacht go dtosóidh na tacaíochtaí pobail. I ngach treoirchomhairleoireacht phearsanta agus shóisialta, feidhmíonn an treoirchomhairleoir laistigh de threoirlínte gairmiúla lena n-áirítear treoirlínte um chosaint leanaí.

Buaileann treoirchomhairleoirí le scoláirí go laethúil agus bíonn tacaíocht ar fáil uathu maidir le raon leathan saincheisteanna pearsanta agus sóisialta. Féadfaidh scoláirí freastal ar threoirchomhairleoir freisin chun nithe tromchúiseacha a nochtadh. Cuirtear oiliúint ar threoirchomhairleoirí chun freagairt go cuí do chásanna ar chontanam leathan agus chun scoláirí a atreorú mar is cuí chuig seirbhísí tacaíochta agus gníomhaireachtaí eile.

Is é leibhéal 9 an leibhéal foriomlán CNC (Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) do cháilíocht treoirchomhairleoireachta iar-bhunscoile agus soláthraítear gach modúl laistigh den oiliúint ag leibhéal 9. Tá scileanna comhairleoireachta i gcomhthéacs treorach ina phríomhinniúlacht do threoirchomhairleoir mar atá leagtha amach sa chreat clár-aitheantais (ROS, 2016). Ní sholáthraíonn sé sin cáilíocht síciteiripe, áfach.

## 4. Polasaí Folláine

Tá aitheantas tugtha i bPolasaí Folláine agus Creat Cleachtaís (2018) na Roinne don tábhacht a bhaineann le folláine san oideachas a chur chun cinn. Cuireann scoileanna folláine chun cinn trí raon gníomhaíochtaí agus cineálacha cur chuige chun tacú le forbairt acadúil, fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus spioradálta gach linbh agus duine óg. Tá an treoirchomhairleoir ríthábhachtach maidir le cuir chuige nuálaíocha i dtaobh cothú na folláine ar bhonn scoile uile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm tríd an bplean treorach.

## 5. Teorainneacha

Tá sé ríthábhachtach go n-aithníonn treoirchomhairleoirí teorainneacha a gcuid oideachais, a n-oiliúint agus a dtaithí agus go nglacann siad cúram gan na teorainneacha seo a shárú, agus go n-aithníonn siad nach bhfuil cáilíocht síciteiripe acu. Beidh an uair agus an chaoi a dhéanfar atreorú seachtrach chuig seirbhísí sláinte agus/nó a chuirfear comhairle ar thuismitheoirí faoin ngá atá le breithniú a dhéanamh ar atreorú chuig gairmí leighis doiciméadaithe sa phlean Treorach Scoile Uile freisin. Ina theannta sin, tá feidhm ag an An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2016).

## 6. Maoirseacht ar Threoirchomhairleacht

Mar aitheantas ar ghné na comhairleoireachta pearsanta agus sóisialta den ról, maoiníonn an RO scéim mhaoirseachta treoirchomhairleoireachta. Cuireann an scéim seo ar chumas gach treoirchomhairleoir a oibríonn i scoileanna dara leibhéal agus i gcoláistí breisoideachais tabhairt faoi mhaoirseacht ghairmiúil a bheith acu ar a gcuid oibre treoirchomhairleoireachta agus go háirithe a gcuid treoirchomhairleoireachta duine le duine le scoláirí.

Cuireadh sraith cúig sheisiún dhá uair an chloig de thacaíocht mhaoirseachta comhairleoireachta ar fáil do scoileanna.

Tá tacaíochtaí breise ar fáil freisin do threoirchomhairleoirí má bhíonn gá leo. Mar shampla, féadfaidh treoirchomhairleoirí leas a bhaint as seisiúin mhaoirseachta breise i gcás teagmhas criticiúil a tharlaíonn i bpobal na scoile. Tá fáil ag treoirchomhairleoirí freisin ar raon tacaíochtaí lena n-áirítear seisiúin duine le duine le síciteiripeoir tríd An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe a bhfuil conradh ag an Roinn Oideachais léi.

**Treoir, Beartas Curaclaim agus Measúnaithe**
**Lúnasa 2023**